GX2563

OLLSCOIL NA hÉIREANN, GAILLIMH

DÁMHA NA nDÁN AGUS AN LÉINN CHEILTIGH

ARD-DIOPLÓMA I gCUMARSÁID FHEIDHMEACH

SCRÚDUITHE NA BLIANA 1999 - 2000
SEIMEASTAR 1

FÍS

Máirtín Ó Briain B.A., M.Phil.
Brian Ó Donnchadha B.A., H.Dip.
Ciarán Ó Cofaigh B.A.
Trevor Ó Clochartaigh B.Com.

Freagair Roinn A agus trí cheist as Roinn B.

Maidir le Roinn A : Beidh marc ar fáil do gach ceist a fhreagraítear i gceart, ach bainfear marc do gach ceist a fhreagaítear mícheart. Caithfear an leathanach scaoilte a ghabhann leis seo a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ilroghnacha seo ar fad. Má thugtar dhá fhreagra ar cheist is é an ceann mícheart a chuirfear san áireamh don mharcáil.

Maidir le Roinn B : Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist.

Dhá uair an chloig a cheadófar.

Roinn A

Beidh marc ar fáil do gach ceist a fhreagraítear i gceart, ach bainfear marc do gach ceist a fhreagaítear mícheart. Caithfear an leathanach scaoilte a ghabhann leis seo a úsáid i bhfreagairt na gceisteanna ilroghnacha seo ar fad. Má thugtar dhá fhreagra ar cheist is é an ceann mícheart a chuirfear san áireamh don mharcáil.

1. Cén áit ar cheart go mbeadh súla duine ar an scáileán i méan seat teann?
a) 1/2 bealaigh ó bharr an fhráma
b) 1/4 bealaigh ó bharr an fhráma
c) 1/5 bealaigh ó bharr an fhráma
d) 1/3 bealaigh ó bharr an fhráma
e) 1/3 bealaigh ó bun an fhráma

2. Cén uair a bhaintear úsáid as céimniú isteach?
a) Ag deireadh cláir.
b) I gcláracha do pháistí.
c) Ag tús míre no cláir.
d) I lár cláir, chun an luas a dhéanamh níos gasta.
e) Tar éis meascadh.

3. Cén teocht-dathach atá ag solas "*tungsten*"?
a) 3200k
b) 800 vata
c) 5500k
d) 2Kw
e) 3200 vata

4. Cén fhormáid as an liosta seo a leanas nach bhfuil glacadh leis mar chaighdeán craolta?
a) Beta sp
b) Digi Beta
c) DVC Pro
d) VHS
e) DVCam

5. Cén duine as an liosta thíos atá freagrach as an liosta seatanna a choinneáil agus as an gcriú a bhíonn ag taifeadadh ar an láthair?
a) Stiúrthóir
b) Cúntóir léirithe
c) Ceamaradóir
d) Eagarthóir
e) Bainisteoir urláir

6. I gcás criú scannáin cén duine atá freagrach as an stoc scannán a shocrú le cur sa gceamara?
a) Lódálaí clabaire
b) Láithreoir
c) Dearthóir
d) Fócasóir
e) Cúntóir fuaime

7. I gcás obair stiúideo, cén duine as an gcriú (atá sa mbosca / seomra stiúrtha) atá go fisiciúil ag gearradh idir na seatanna éagsúla atá á roghnú as na ceamaraí?
a) Cúntóir léirithe
b) Stiúrthóir
c) Eagarthóir
d) Oibreoir fuaime
e) Meascthóir físe

8. I gcás léiriú ginearálta, cén duine atá freagrach go hiomlán as an léiriúchán?
a) Léiritheoir
b) Bainisteoir urláir
c) Leictreoir
d) Dearthóir
e) Láithreoir

9. Cén ceann do na stadanna éagsúla iar-léirithe seo a leanas a thosaítear roimh na cinn eile?
a) Ar líne
b) Meascadh fuaime
c) Réamhlíne
d) Graificí
e) Tharghuthú

10. Cén uair le linn próiséas léirithe a dhéantar clárú scéil?
a) Iarléiriú
b) Réamhléiriú
c) Taifeadadh/scannánú
d) Lá craolta
e) Deireadh léirithe

11. Cé acu seo nach mbeadh in úsáid de ghnáth mar fhoinse do thaighde ar chlár faisnéise?
a) Leabhair
b) Nuachtáin
c) Cartlann físe & raidió
d) Buiséidí
e) An Idirlíon

12. Cé a scríobhann an 'snáthscéal' i sobaldráma teilifíse?
a) Stiúrthóir
b) Scéalaí scripte
c) Scríbhneoir
d) Comhairleoir scripte
e) Léiritheoir

13. I gcás tráchtaireacht a scríobh do chlár teilifíse, cé mhéad focal is ceart a scríobh le 10 soicind a líonadh?
a) Tríocha focal
b) Deich bhfocal
c) Caoga focal
d) Trí fhocal is caoga
e) Fiche focal

14. Céard is 'clár scéil' ann i gcomhthéacs na teilifíse?
a) Clár teilifíse faoin scéalaíocht
b) Clár agallaimh
c) Cur síos ar chlár i bhfoirm pictiúr
d) Cur síos ar chlár i bhfoirm scéalta
e) Liosta de na scéalta a bheidh i gclár

15. Cé a leagann amach an script scannánaíochta?
a) Ceamaradóir
b) Léiritheoir
c) Cúntóir léirithe
d) Scríbhneoir
e) Stiúrthóir

16. Cé a bhí mar stiúrthóir ar an scannán 'Thirty Five Aside'?
a) Pat O'Connor
b) Damien O'Donnell
c) Alan Gilsenan
d) Neil Jordan
e) Cathal Black

17. Cé chomh fada is atá script uair an chloig teilifíse?
a) 50 nóiméad
b) 60 nóiméad
c) 62 nóiméad
d) 52 nóiméad
e) 59 nóiméad

18. Cé acu seo a leanas nach mbíonn mar dhuine den fhoireann do thaifead ar an láthair aon cheamara?
a) Cúntóir léirithe
b) Meascóir físe
c) Stiúthóir
d) Ceamaradóir
e) Oibreoir fuaime

19. Taispeáineann meán-seat teann (*MCU*) an t-ábhar:
a) Ó phointe os cionn chloigeann an ábhair anuas go pointe os cionn na huilinne
b) O achar 15m
c) Ar feadh 3 soicind
d) Ó phointe os cionn chloigeann an ábhair go dtí pointe faoi bhun na nglún
e) Racharc meánach de chloigeann an duine

20. Cén fáth a ndéantar maébhán?
a) Chun léibhéal solas dearg amháin a fháil i gceart
b) Chun am chód a shocrú
c) Chun teocht an datha a fháil i gceart
d) Le breis soláis a ligeann isteach sa lionsa
f) Le níos mó ceamaraí a thabhairt chun cruinne

Roinn B

Trí cheist le freagairt. Úsáid freagarleabhar ar leith do gach ceist.

1. Déan cur síos ar na buntáistí agus míbhuntáistí atá ann idir an ceamara agus an tsúil.

2. Tabhair leagan amach samplach don phróiseas iarléirithe a bhaineann le clár leathuaire teilifíse ón bpointe go bhfuil an taifeadadh críochnaithe.

3. Mínigh an tábhacht a bhaineann le clárú scéil i gcás léiriú drámaíochta don scáileán beag agus mór.

4. Tá clár cúig nóiméad déag do leanaí réamhscoile le léiriú agat. Déan leathanach amháin de chóiriú (*treatment*) samplach ar an script don chlár.

5. Déan cur síos ar na céimeanna éagsúla taighde agus scríbhneoireachta a bhaineann le scripteanna do chláracha faisnéise a scríobh.